

ERASMUS+



Arna mhaoiniú faoin gClár
Erasmus+ de chuid
an Aontais Eorpaigh

Ní hionann tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh do tháirgeadh an fhoilseacháin seo agus formhuiniú ar ábhair an fhoilseacháin, a léiríonn tuairimí na n-údar amháin, agus ní bheidh an Coimisiún freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.



CLIL Open Online Learning



TIONSCADAL COOL

<http://www.languages.dk>

2018-1-ES01-KA203-050474



Tionscadal COOL

Ref.: 2018-1-ES01-KA203-050474



Cuirimis ár dtionscadail le chéile

Comhoibrigh le COOL anois!

Má tá tú páirteach i dtionscadal teanga (nó má tá tionscadal críochnaithe agat cheana féin) téigh i gcomhpháirt linn agus lonnainn torthaí do shaothair taobh le tionscadail eile a bhaineann le teagasc teangacha.

Tá COOL (CLIL Open Online Learning), tionscadal atá cómhainithe ag an Choimisiún Eorpach, ag forbairt uirlis ar líne a thacóidh le FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga), ach ba mhian leis an chomhpháirtíocht comhoibriú le tionscadail teanga eile chomh maith.

Lig dúinn nasc chuig torthaí do thionscadail a chur ar shuíomh idirlín COOL. Beidh rochtain agat fosta ón suíomh idirlíon ar uirlisí teagaisc teanga, fiseáin, ábhair teagaisc, agus treoirleabhair mhodheolaíochta atá go léir ar fáil ar bonn cóipcheada. Is acmhainní iad seo ar féidir leat leas a bhaint astu nó a chur san áireamh i do thionscadal féin.

Tar ar bord, bí páirteach in COOL!!

Forbróidh COOL (CLIL Open Online Learning) seirbhís W3 a ligfidh do mhúinteoir téacs a ghreamú inár gcomhéadán gréasáin, teanga an téacs a roghnú, grafaicí agus fiseán a chur leis, cleachtaí nó tascanna a cheangáil leis agus ansin leathanach gréasáin a chruthú ar an toirt, ina bhfuil gach focal sa téacs nasctha le foclóirí ar líne i mbreis agus 100 teanga.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal acmhainní agus clár traenála a fhorbairt do mhúinteoirí Tríú Leibhéal, chun **Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)** a chur chun cinn. Modheolaíocht is ea í seo atá tar éis dea-thionchar a imirt ag leibhéal eile sa chóras oideachais, ach nár glacadh go forleathan léi san oideachas tríú leibhéal go fóill.

Mairfidh an tionscadal ar feadh **3 bliana** agus i measc thorthaí an tionscadail beidh bogearraí, ábhair thraenála agus eiseamláir den dea-chleachtas, mar a leanas:

(1) Féachfaidh COOL le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil d'ábhar múinteoirí agus múinteoirí cáilithe san oideachas dara leibhéal agus tríú leibhéal. Forbróidh an tionscadal creat traenála i réimse na foghlama comhtháite ábhar agus teanga (FCÁT) agus craobhscaoilfidh sé seo díreach chuig grúpaí múinteoirí i ngréasáin cleachtóirí i ngach ceann de na tíortha ina bhfuil comhpháirtithe an tionscadail lonnaithe (m.sh. baill den eagraíocht Eurocall).

(2) Cuirfidh COOL traenáil ar fáil i bhforbairt acmhainní ilmheáin chun cabhrú le hábhar múinteoirí agus múinteoirí cáilithe atá ag obair san oideachas dara leibhéal agus tríú leibhéal féachaint chuige go n-éiríonn níos fearr leis na daltaí nó na mic léinn atá faoina gcúram. Cabhróidh an traenáil leo ábhair a chruthú agus a roinnt na fhreasalóidh go díreach ar riachtanais á bhfoghlaimeoirí. Rachaidh an traenáil seo chun sochair do mhúinteoirí nach bhfuil mórán taithí acu maidir le hacmhainní ilmheáin a chruthú agus atá cleachta lena gcur chuige teagaisc a bhunú ar na hacmhainní atá ar fáil dóibh in áit a n-acmhainní féin a chruthú chun go réiteoidh siad lena rogha cur chuige teagaisc. Fóirfidh an traenáil seo go speisialta dóibh siúd atá ag iarraidh dul i muinín na modheolaíochta FCÁT.

(3) Tá blianta taithí ag comhpháirtithe an tionscadail seo maidir le comhoibriú le daoine agus institiúidí oideachais i dtíortha eile Eorpacha. Cabhróidh an tionscadal leis na comhpháirtithe éagsúla foghlaim faoi na deacrachtaí bhíonn le sárú ag oideachasóirí i gcomhthéacsanna eile san Eoraip. Cuirfidh an tionscadal caoi ar fáil dóibh dea-chleachtas a roinnt lena chéile chun cabhrú leo deacrachtaí modheolaíochta agus acmhainní a shárú. Cabhróidh an saineolas a fhorbrófar sa tionscadal seo leis na comhpháirtithe a gcláir oideachais a phleanáil agus aird acu ar réimse níos leithne de chúinsí áitiúla agus Eorpacha, rud a fhágfaidh go mbeidh siad ag cur le lánpháirtíú an Aontais Eorpaigh.

(4) Sa bhliain dheireanach den tionscadal, rithfidh na comhpháirtithe cúrsa traenála trasnáisiúnta do bheirt mhúinteoirí ó gach ceann de thíortha na gcomhpháirtithe. Déanfar ambasadóirí do FCÁT agus d'acmhainní TFC an tionscadail de na traenáilaithe seo agus glacfaidh siad orthu féin tacaíocht ar líne a sholáthar do mhúinteoirí eile atá tar éis oiliúint a fháil in ardán Clilstore a úsáid. Éascóidh mol úsáideoirí ar líne an teagmháil seo, rud a fhágfaidh go malartófar dea-chleachtas agus acmhainní ar fud an ghréasáin leathain a bhunóidh an tionscadal. Féachaidh seo chuige go leanfaidh COOL air ag imirt tionchar ar chleachtóirí i bhfad i ndiaidh chríochnaigh an tionscadail.